Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

2021/2179(INI)

8.2.2022

DRÉACHT-TUARASCÁIL

maidir le Plean Gníomhaíochta AE don gheilleagar sóisialta
(2021/2179(INI))

An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

Rapóirtéir: Jordi Cañas

CLÁR

Leathanach

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 3

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 10

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

maidir le Plean Gníomhaíochta AE don gheilleagar sóisialta
(2021/2179(INI))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint do Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta,

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 9 Nollaig 2021 dar teideal *Building an economy that works for people: an action plan for the social economy* [Geilleagar a thógáil a oibríonn do dhaoine: plean gníomhaíochta don gheilleagar sóisialta] (COM(2021)0778),

– ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 3 Márta 2021 dar teideal *Union of Equality: Strategy for the Rights of Persons with Disabilities 2021-2030* [An tAontas Comhionannais: Straitéis maidir le Cearta Daoine atá faoi Mhíchumas 2021-2030] (COM(2021)0101),

– ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 2 Meitheamh 2021 dar teideal *Economic policy coordination in 2021: overcoming COVID-19, supporting the recovery and modernising our economy* [Comhordú an bheartais eacnamaíoch in 2021: COVID-19 a shárú, tacú leis an téarnamh agus ár ngeilleagar a nuachóiriú] (COM(2021)0500),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 22 Samhain 2016 dar teideal *Europe's next leaders: the Start-up and Scale-up Initiative* [Na chéad cheannairí eile a bheidh ag an Aontas: an Tionscnamh um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus um Ghnólachtaí atá i mbun Fáis' (COM(2016)0733),

– ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 25 Deireadh Fómhair 2011 dar teideal *Social Business Initiative – Creating a favourable climate for social enterprises, key stakeholders in the social economy and innovation* [Tionscnamh Gnó Shóisialta – Aeráid fhabhrach a chruthú d'fhiontair shóisialta, do phríomh-gheallsealbhóirí sa gheilleagar sóisialta agus don nuálaíocht] (COM(2011)0682),

– ag féachaint don Teachtaireacht ón gCoimisiún an 23 Feabhra 2004 maidir le comharchumainn a chur chun cinn san Eoraip (COM(2004)0018),

– ag féachaint do Threoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí[1],

– ag féachaint do Ghealltanas Sóisialta Porto, arna shíniú ag Uachtaránacht na Portaingéile ar an gComhairle, ag Uachtaránacht Pharlaimint na hEorpa agus ag ionadaithe na gcomhpháirtíochta sóisialta agus na n-eagraíochtaí sochaí sibhialta,

– ag féachaint do Dhearbhú Porto an 8 Bealtaine 2021, arna fhormheas ag an gComhairle Eorpach,

[1] IO L 094, 28.3.2014, lch. 65.

– ag féachaint do na Conclúidí ón gComhairle an 7 Nollaig 2015 maidir le cur chun cinn an gheilleagair shóisialta mar phríomhspreagthóir na forbartha eacnamaíche agus sóisialta san Eoraip,

– ag féachaint dá seasamh ar an gcéad léamh an 4 Aibreán 2019 maidir leis an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+)[2],

– ag féachaint do rún uaithi an 7 Iúil 2021 ar mhór-roinn aosta atá ag dul in aois – deiseanna agus dúshláin a bhaineann leis an mbeartas maidir leis an aosú tar éis 2020[3],

– ag féachaint do rún uaithi an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir leis an ról atá ag rannpháirtíocht airgeadais na bhfostaithe maidir le poist a chruthú agus daoine dífhostaithe a athghníomhú[4],

– ag féachaint do rún uaithi an 5 Iúil 2018 maille le moltaí don Choimisiún maidir le Reacht d'fhiontair shóisialta agus dlúthpháirtíochta[5],

– ag féachaint do rún uaithi an 10 Meán Fómhair 2015 maidir le Fiontraíocht Shóisialta agus Nuálaíocht Shóisialta chun an dífhostaíocht a chomhrac[6],

– ag féachaint do rún uaithi an 2 Iúil 2013 maidir leis an méid a chuireann comharchumainn leis an ngéarchéim a shárú[7],

– ag féachaint do thuairim uaithi maidir leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialacháin maidir leis an Reacht do Chomhlachas Eorpach[8],

– ag féachaint do rún uaithi an 14 Márta 2013 maille le moltaí don Choimisiún maidir leis an Reacht do chumann frithpháirteach Eorpach[9],

– ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 20 Samhain 2012 dar teideal *Social Business Initiative – Creating a favourable climate for social enterprises, key stakeholders in the social economy and innovation* [Tionscnamh Gnó Shóisialta – Aeráid fhabhrach a chruthú d'fhiontair shóisialta, do phríomh-gheallsealbhóirí sa gheilleagar sóisialta agus don nuálaíocht][10],

– ag féachaint do rún uaithi an 19 Feabhra 2009 maidir le Geilleagar Sóisialta[11],

– ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 19 Eanáir 2022 maidir le 'hionstraimí airgeadais nuálacha mar chuid d'fhorbairt cuideachtaí tionchair shóisialta',

---

[2] IO C 116, 31.3.2021, lch. 162.
[3] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2021)0347.
[4] IO C 345, 16.10.2020, lch. 2.
[5] IO C 118, 8.4.2020, lch. 145.
[6] IO C 316, 22.9.2017, lch. 224.
[7] IO C 75, 26.2.2016, lch. 34.
[8] IO C 75, 26.2.2016, lch. 11.
[9] IO C 36, 29.1.2016, lch. 111.
[10] IO C 419, 16.12.2015, lch. 42.
[11] IO C 76E, 25.3.2010, lch. 16.

– ag féachaint don tuairim ó Choiste an Réigiúin an 1 Iúil 2021 maidir le ‘Plean Gníomhaíochta don Gheilleagar Sóisialta’ (CDR 5860/2020),

– ag féachaint d’fhaisnéisiú beartais 2022 ón gCoimisiún Eorpach agus ón Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) maidir leis an leas is fearr is féidir a bhaint as rannchuidiú an gheilleagair shóisialta leis an ngeilleagar ciorclach,

– ag féachaint do na Treoirlínte do Rialtais Áitiúla maidir le Beartais don Gheilleagar Sóisialta agus Dlúthpháirtíochta arna bhfoilsiú ag Institiúid Taighde na Náisiún Aontaithe um Fhorbairt Shóisialta in 2021,

– ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta (A9-0000/2022),

A. de bhrí go gcuimsítear leis an ngeilleagar sóisialta cineálacha éagsúla eintiteas príobháideach, neamhspleách ar údaráis phoiblí, mar chomharchumainn, cumainn chomhshochair, comhlachais (lena n-áirítear carthanachtaí), fondúireachtaí, fiontair shóisialta, agus foirmeacha dlíthiúla eile, ar saintréith díobh uile prionsabail agus gnéithe éagsúla oibríochta agus eagraíochtúla amhail tosaíocht na ndaoine chomh maith le tábhacht an chuspóir shóisialta seachas brabús, athinfheistiú a dhéanamh ar an gcuid is mó den bhrabús agus barrachas, agus rialachas daonlathach nó rannpháirteach;

B. de bhrí go raibh ról tábhachtach ag an ngeilleagar sóisialta maidir le maolú agus aghaidh a thabhairt ar thionchar gearrthéarmach agus fadtéarmach COVID-19 ar mhargadh sóisialta, ar shochaí agus ar gheilleagar AE agus gur chuir sé leis an athléimneacht shóisialta agus eacnamaíoch agus gur rannchuidigh sé leis an teacht aniar eacnamaíoch agus sóisialta a bhuí le treoshuíomh fadtéarmach shamhail ghnó Cholún na hEorpa agus cineál na gceart sóisialta agus spriocanna agus gníomhaíochtaí an gheilleagair shóisialta[12];

C. de bhrí go bhfuil stair fhada ag eagraíochtaí an gheilleagair shóisialta i dtromlach na mBallstát, a bhfuil dlíthe sonracha glactha sa réimse seo ag an gcuid is mó acu, agus go bhfuil siad tar éis cáil a thuilleamh mar ghníomhaithe margaidh ríthábhachtacha;

1. á chur in iúl gur geal léi Plean Gníomhaíochta an Choimisiúin don Gheilleagar Sóisialta (SEAP), na treoirphrionsabail lena sainítear an geilleagar sóisialta a leagtar amach ann, an spreagadh polaitiúil a thugann sé dá fhorbairt, agus flúirse na mbeart a fhógraítear ann;

2. á chreidiúint, áfach, gur gá bearta nithiúla agus bearta leantacha chun gach cuspóir a bhaint amach a leagan amach agus na hidirnaisc idir na bearta a mhionsonrú tuilleadh; á mheas gur gá féilire a bhunú le haghaidh na ngníomhaíochtaí go léir a áirítear i SEAP, d’fhonn na húdaráis ábhartha a threorú maidir leis an gcur chun feidhme;

[12] ECFE (2020), *Social economy and the COVID-19 crisis: current and future roles*. [An geilleagar sóisialta agus géarchéim COVID-19: róil atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo.]

3. ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit, mar aon leis na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla, gné an gheilleagair shóisialta a phríomhshruthú sna beartais, sna cláir agus sna cleachtais ábhartha;

4. ag athdhearbhú a hiarrata[13] go ndéanfaí an prionsabal ‘tús áite d'fhiontair bheaga’ a leagan síos mar phrionsabal treorach i ndréachtú na reachtaíochta a bheidh ann amach anseo agus i nglacadh na mbeartas, ionas go mbeidh éiceachóras an Aontais níos iomaíche agus níos tacúla do mhicrea-eagraíochtaí, d’eagraíochtaí beaga agus d’eagraíochtaí meánmhéide laistigh agus lasmuigh den gheilleagar sóisialta;

Timpeallacht chumasaithe a chruthú don gheilleagar sóisialta

5. á mheabhrú do na Ballstáit go gceadaítear leis an Treoir maidir le Soláthar Poiblí (Treoir 2014/24/AE) d’údaráis chonarthacha an soláthar poiblí a úsáid chun cuspóirí comhshaoil agus sóisialta a shaothrú, agus, go háirithe, go gceadaítear leis nósanna imeachta tairisceana forchoimeádta d’eagraíochtaí arb é is príomhaidhm dóibh daoine faoi mhíchumas nó grúpaí eile faoi mhíbhuntáiste a lánpháirtiú sa lucht saothair; á iarraidh ar na húdaráis phoiblí féachaint ar sholáthar poiblí atá freagrach ó thaobh na sochaí agus an chomhshaoil de mar infheistíocht sa chreatlach socheacnamaíoch lena bhféadfaí cuspóirí sóisialta agus iomaíocha a chomhcheangal;

6. ag spreagadh na mBallstát straitéisí a ghlacadh go córasach lena ndírítear ar sholáthar poiblí a fhorbairt a bheidh freagrach ar bhonn sóisialta, agus, ar an gcaoi sin, nasc a bhunú ar fud réimsí beartais idir seirbhísí agus táirgí a sholáthar agus cuspóirí sóisialta a bhaint amach; á mheas nach mór trasuí na Treorach maidir le Soláthar Poiblí a cheangal le tionscnaimh chun cur leis an eolas faoin gcaidreamh idir caiteachas poiblí agus an méid a chuireann sé leis na SFIanna a bhaint amach, agus chun acmhainneacht a fhorbairt i measc oifigeach soláthair phoiblí agus eagraíochtaí an gheilleagair shóisialta; ag moladh d’oifigigh soláthair phoiblí comhairliúcháin réamh-mhargaidh a dhéanamh sula ndréachtófar doiciméid tairisceana, d’fhonn tuiscint níos fearr a fháil ar na riachtanais atá ann cheana agus ar an gcaoi a bhféadfadh eagraíochtaí an gheilleagair shóisialta iad a chomhlíonadh;

7. á chur in iúl gur geal léi na tionscnaimh atá ann cheana sna Ballstáit chun comhairleoireacht dhlíthiúil, tacaíocht airgeadais, tacaíocht chun pleananna gnó a ullmhú, na sonraí is gá le haghaidh infheisteoirí seachtracha agus struchtúir tacaíochta gnó a chur ar fáil d’oibrithe a bhfuil suim acu sa phróiseas ceannaigh amach agus do chomharchumainn a thagann chun cinn mar thoradh ar cheannach amach na n-oibrithe; ag spreagadh na mBallstát an t-ábhar sin a chur san áireamh i moltaí 2023 ón gComhairle chun tacaíocht bhreise a thabhairt do na tionscnaimh sin ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal náisiúnta;

8. á chur in iúl gur geal léi an tuarascáil a fógraíodh maidir leis an bhféidearthacht Tacsanomaíocht AE maidir le Maoiniú Inbhuanaithe a leathnú chun cuspóirí sóisialta a chur san áireamh; á mheas gur gá do thacsanomaíocht AE tosca sóisialta a chumhdach, gan ualach ródhíréireach a chruthú do ghnólachtaí, mar go bhféadfadh sí a bheith ina spreagadh don infheistíocht i réimse an gheilleagair shóisialta;

[13] i rún uaithi an 16 Nollaig 2020 maidir le straitéis nua do FBManna Eorpacha agus rún an 24 Meitheamh 2021 maidir le prionsabal Eorpach um oiriúnacht rialála agus um choimhdeacht, *inter alia*.

9. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit comhpháirtíochtaí fothaithe acmhainní agus comhaontuithe foirmiúla a chur ar bun le líonraí an gheilleagair shóisialta chun seirbhísí comhairleacha a chur ar fáil d'eagraíochtaí an gheilleagair shóisialta, amhail meantóireacht agus cóitseáil shaincheaptha, forbairt acmhainní, oiliúint agus oideachas a mhaoiniú, seirbhísí a ghoradh agus líonrú le haghaidh fothú acmhainní;

10. á thabhairt chun suntais gur féidir le teicneolaíochtaí nua ról lárnach a imirt maidir le tionscadail an gheilleagair shóisialta a fhorbairt agus a mhéadú agus a thábhachtaí atá sé rochtain tosaíochta a thabhairt d'fhiontraithe sóisialta ar chláir oiliúna maidir le scileanna digiteacha agus ardteicneolaíochtaí, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon, agus á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit féachaint ar an mbealach a bhféadfaidh gnólachtaí agus eagraíochtaí an gheilleagair shóisialta comhoibriú i ndáil leis sin;

11. á mheas gur trua nach bhfuil eagraíochtaí an gheilleagair shóisialta chomh tábhachtach céanna le gnólachtaí traidisiúnta sna curaclaim maidir le hoideachas scoile phríomhshrutha agus le fiontar ardoideachais agus ardoideachais gnó[14]; i bhfianaise an méid sin, á iarraidh ar chomhlachtaí atá ionadaíoch don earnáil agus ar na húdaráis phoiblí ábhartha, i gcomhpháirtíocht leis na geallsealbhóirí ábhartha, na curaclaim a athbhreithniú agus a mheasúnú agus moltaí beartais a chur ar aghaidh le haghaidh institiúidí acadúla;

Leas a bhaint as acmhainneacht iomlán ionstraimí an Aontais chun go mbeidh an geilleagar sóisialta faoi bhláth

12. ag tabhairt dá haire go bhfuil deiseanna ar fáil faoi InvestEU chun tacú leis an ngeilleagar sóisialta; ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na comhpháirtithe cur chun feidhme táirgí airgeadais a cheapadh atá curtha in oiriúint do riachtanais fhiontair an gheilleagair shóisialta faoin ionú Infheistíochta agus Scileanna Sóisialta agus acmhainní leordhóthanacha a leithdháileadh ar na táirgí sin; ag tabhairt dá h-aire gur cheart critéir fhónta incháilitheachta a fhorbairt chun díriú ar idirghabhálaithe airgeadais a thacaíonn go sonrach leis an ngeilleagar sóisialta agus á mheas gur cheart seirbhísí comhairleacha a chur ar fáil faoi Mhol Comhairleach InvestEU chun an leas is fearr is féidir a bhaint as acmhainneacht na n-idirghabhálaithe airgeadais sin teacht i dtír ar chlár InvestEU; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú, i gcás eagraíochtaí an gheilleagair shóisialta, ar micrea-eagraíochtaí, eagraíochtaí beaga agus eagraíochtaí meánmhéide an chuid is mó díobh, go mbeidh rochtain acu ar tháirgí airgeadais InvestEU eile amhail na táirgí sin atá dírithe ar FBManna;

13. á iarraidh ar an gCoimisiún, tráth a ndéanfar an chéad athbhreithniú eile ar Rialachán Ginearálta na Blocdhíolúine (GBER), riachtanais shonracha eagraíochtaí an gheilleagair shóisialta a chur san áireamh go leormhaith maidir le rochtain ar mhaoiniú agus ar fhorbairt an mhargaidh, ról na Státchabhrach maidir le cur chun cinn earcú oibrithe atá faoi mhíbhuntáiste a neartú, go háirithe i gcomhthéacs théarnamh iar-COVID-19, agus féachaint ar roghanna éagsúla fianaise-bhunaithe, tar éis dul i gcomhairle leis na geallsealbhóirí ábhartha, chun tacú le forbairt eagraíochtaí an gheilleagair shóisialta;

[14] Eurofound (2019), Athrú ar an margadh saothair. Comharchumainn agus fiontair shóisialta: obair agus fostaíocht i dtíortha roghnaithe.

14. á chur in iúl gur geal léi an úsáid a bhaintear as cistiú spriocdhírithe ón Aontas do thionscadail lena ndírítear ar aistriú na bhfiontar chuig a gcuid fostaithe a fhorbairt agus a chumasú agus, ar an gcaoi sin, leanúnachas an ghnó a áirithiú, lena n-áirítear trí tháthcheangal ag comharchumann oibrithe[15];

I dtreo chur chun feidhme éifeachtach SEAP

15. á chur in iúl gur geal léi go mór an togra le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le coinníollacha creata don gheilleagar sóisialta a bheidh le formheas in 2023; á chreidiúint gur cheart go mbeadh sé ina threoir chun creataí dlíthiúla agus beartais an gheilleagair shóisialta a neartú, go háirithe sna Ballstáit sin nach bhfuil éiceachóras an gheilleagair shóisialta chomh forbartha sin iontu, agus gur cheart aird shoiléir a thabhairt ar na hionstraimí tacaíochta a chuireann an tAontas ar fáil agus treoir a thabhairt i ndáil le beartais shonracha amhail soláthar poiblí, fostaíocht agus beartais shóisialta, cánachas, oideachas, scileanna agus oiliúint agus a thábhachtaí atá sé nasc a dhéanamh idir an geilleagar ciorclach agus cláir oibre an gheilleagair shóisialta;

16. á mheas gur trua nár tháinig aon athrú reachtach as na hiarrataí a rinne an Pharlaimint san am a chuaigh thart ar an gCoimisiún tograí a thíolacadh lena gceadófaí do chumainn fhrithpháirteacha, do chomhlachais agus d'fhondúireachtaí gníomhú ar scála Eorpach agus trasteorann, rud a bhaineann an bonn den tsamhail shóisialta Eorpach agus a chuireann bac ar chur i gcrích an mhargaidh aonair; á mholadh, i bhfianaise na ndeiseanna arna gcur ar fáil ag SEAP, chomh maith le gníomhaíochtaí Choiste Faireacháin Dhearbhú Lucsamburg, ina bhfuil tromlach na mBallstát, go bhféachfaí ar an gcomhar feabhsaithe mar uirlis chun na dúsháinn sheanbhunaithe a luadh cheana a shárú;

17. ag tabhairt dá haire gur gá d'údaráis phoiblí tosaíochtaí sóisialta a shainaithint go soiléir mar gheall ar acmhainneacht iomlán earnáil an gheilleagair shóisialta chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shocheacnamaíocha; á thabhairt chun suntais, le tionscadail an gheilleagair shóisialta, go n-éilítear dlúthchomhar le heintitis phoiblí i gcoitinne agus á iarraidh, dá bhrí sin, ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit, laistigh den chreat rialachais mhaicreacnamaíoch arna chur ar fáil ar leibhéal an Aontais, straitéis infheistíochta sóisialta a fhorbairt ina sainaithnítear tosaíochtaí sóisialta go soiléir agus lena bhféadfar creat a chur ar fáil don chomhar idir údaráis phoiblí agus eagraíochtaí an gheilleagair shóisialta;

18. á chur in iúl gur geal léi gur fógraíodh seoladh staidéir nua chun faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil a bhailiú maidir leis an ngeilleagar sóisialta ar fud na mBallstát uile; ag tabhairt dá haire nach mór sonraí mionsonraithe, caighdeánaithe, inchomparáide agus iontaofa ar scála agus tionchar an gheilleagair shóisialta a chruthú d'fhonn cinntí beartais atá bunaithe ar fhianaise a éascú, chun forbairt an gheilleagair shóisialta a dhéanamh slán i bhfad na haimsire agus chun cur le spriocanna eacnamaíocha agus sóisialta an Aontais;

[15] Mar shampla, 'Múnlaí Nuálacha um Aistriú Gnó d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide i Réigiún Mhuir Bhailt' ó Interreg, úsáid mhaoiniú Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE) agus an Chláir um Fhostaíocht agus um Nuálaíocht Shóisialta (EaSI), treoirthionscadail Pharlaimint na hEorpa, 'Aistriú chuig comharchumainn' agus 'Sábháil post'.

19. á iarraidh ar na Ballstáit comhordaitheoirí an gheilleagair shóisialta a ainmniú agus pointí teagmhála áitiúla don gheilleagar sóisialta a bhunú d'fhonn rochtain ar mhaoiniú, lena n-áirítear maoiniú AE, a éascú;

20. á iarraidh ar an gCoimisiún tascfhórsa cur chun feidhme a bhunú do SEAP agus a chomhdhéanamh agus a amlíne le haghaidh gníomhaíochta a scaipeadh;

°

° °

21. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

San Eoraip, féachadh ar an ngeilleagar sóisialta go stairiúil mar uirlis chun aghaidh a thabhairt ar theipeanna an mhargaidh agus an stáit. Le scór bliain anuas, áfach, tá méadú tagtha ar an tuiscint ar a bhfuil i gceist leis an ngeilleagar sóisialta.[1] Tá sé léirithe ag an ngeilleagar sóisialta go gcuireann sé le comhtháthú sóisialta agus le muintearas agus caipiteal sóisialta a chothú[2], agus go gcabhraíonn sé le dul i ngleic le príomhdhúshláin shochaíocha amhail saincheisteanna comhshaoil, ceannasacht bia agus soláthar cúraim agus cúraim sláinte atá inrochtana agus ar ardchaighdeán.[3] Tá léirithe ag an ngeilleagar sóisialta, le linn phaindéim COVID-19, go bhfuil na láidreachtaí agus na cumais aige chun cur le forbairt an gheilleagair agus le cruthú na fostaíochta, go háirithe do dhaoine leochaileacha. Thairis sin, léirigh sé freisin mar a laghdaíonn sé éagothromaíochtaí sóisialta agus eacnamaíocha agus mar a dhéanann sé na pobail áitiúla a athnuachan, áit a bhfuil na heagraíochtaí sin fréamhaithe go domhain.

Ar an leibhéal idirnáisiúnta, rinneadh iarrachtaí chun tuiscint níos fearr a fháil ar raon iomlán na sochar ar féidir leis an ngeilleagar sóisialta a thabhairt don gheilleagar agus don tsochaí, agus na sochair sin a dhéanamh sofheicthe. Mar léiriú air sin, chruthaigh na Náisiúin Aontaithe a Thascfhórsa Idir-Ghníomhaireachta maidir leis an nGeilleagar Sóisialta agus Dlúthpháirtíochta deich mbliana ó shin chun 'athmhachnamh a dhéanamh ar an bhforbairt tar éis na ngéarchéimeanna éagsúla agus i gcomhthéacs an chláir oibre forbartha iar-2015 [inar tugadh] aird neamhleor ar' an ngeilleagar sóisialta[4].

Dá bhrí sin, táthar ag féachaint ar an ngeilleagar sóisialta níos mó ná riamh mar bhealach difriúil chun an geilleagar a eagrú, nó, mar a chuir Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe air, 'mar mhúnla malartach fáis arb é is aidhm di teacht ar chothromaíocht nua idir éifeachtúlacht eacnamaíoch agus athléimneacht shóisialta agus chomhshaoil (...). Cothaíonn an geilleagar sóisialta agus dlúthpháirtíochta dinimiceas eacnamaíoch, cosaint shóisialta agus chomhshaoil agus cumhachtú sochpholaitiúil.'[5].

Anuas ar iarrachtaí na Náisiún Aontaithe[6], d'aithin an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) rannchuidiú an gheilleagair shóisialta agus na nuálaíochta sóisialta chun geilleagair agus sochaithe atá níos cuimsithí, níos cruthaithí agus níos inbhuanaithe a chruthú agus, in 2020, sheol sí an Ghníomhaíocht Dhomhanda 'Éiceachórais an Gheilleagair Shóisialta agus Dlúthpháirtíochta a chur chun cinn'. Tacóidh an tionscadal seo le forbairt agus

---

[1] Gorgi Krlev, Giulio Pasi, Dominika Wruk agus Marika Bernhard (2021), "*Reconceptualising the Social Economy*" [Athcheapadh an gheilleagair shóisialta], *Stanford Social Innovation Review*.
[2] *Ibid*.
[3] Bénédicte Fonteneau agus Ignace Pollet (eag.), (2019), '*The contribution of the social and solidarity economy and social finance to the future of work*' [Ionchur an gheilleagair shóisialta agus dlúthpháirtíochta agus an airgeadais shóisialta do thodhchaí na hoibre], an Oifig Idirnáisiúnta Saothair, an Ghinéiv.
[4] https://unsse.org/about/
[5] Tuarascáil ón Ardrúnaí (2021), '*Socially just transition towards sustainable development: the role of digital technologies on social development and well-being of all*' [Aistriú cóir ó thaobh na sochaí de i dtreo na forbartha inbhuanaithe: ról na dteicneolaíochtaí digiteacha maidir le forbairt shóisialta agus folláine gach duine], an Coimisiún um Fhorbairt Shóisialta, 8-17 Feabhra 2021, na Náisiúin Aontaithe.
[6] I gcóras na Náisiún Aontaithe i gcoitinne, is fiú a lua gur roghnaigh an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair an t-ábhar maidir le hobair chuibhiúil agus an geilleagar sóisialta agus dlúthpháirtíochta dá plé don 110ú seisiún den Chomhdháil Idirnáisiúnta Saothair, atá beartaithe do 2022.

idirnáisiúnú an gheilleagair shóisialta i dtíortha uile an Aontais, chomh maith leis an mBrasaíl, Ceanada, an India, an Chóiré, Meicsiceo agus Stáit Aontaithe Mheiriceá.

I bhfianaise an chomhthéacs dhearfaigh sin, ghlac an Coimisiún Eorpach an Plean Gníomhaíochta don Gheilleagar Sóisialta a rabhthas ag dréim leis le fada an 9 Nollaig 2021. Cuireann an Plean Gníomhaíochta seo leis an taithí a fuarthas sna blianta fada d'obair institiúidí an Aontais Eorpaigh, na mBallstát agus na ngeallsealbhóirí agus na saineolaithe ábhartha sa réimse sin. Arís eile, aithnítear sa phlean acmhainneacht chlaochlaithe an gheilleagair shóisialta agus an cur chuige aige i leith an gheilleagair, atá dírithe ar dhaoine agus atá íogair don domhan.

D'eagraigh Rapóirtéir na tuarascála féintionscnaimh seo raon leathan comhairliúchán le hionadaithe ó Thascfhórsa na Náisiún Aontaithe, an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, Coiste na Réigiún, na Ballstáit agus ionadaithe réigiúnacha, chomh maith le hacadóirí, chun a chuid oibre a ullmhú. Tríd is tríd, bhí an t-aiseolas a fuarthas faoin bPlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Sóisialta dearfach. Tréaslaíonn an Rapóirtéir leis an gCoimisiún as a chuid oibre. Mar sin féin, mar a tugadh faoi deara sna malartuithe leis na gníomhaithe thuasluaite, tá deis ann fós an téacs a chomhlánú agus tuiscint agus aitheantas an gheilleagair shóisialta a éascú, borradh a chur faoina fhorbairt agus bogadh i dtreo chur chun feidhme éifeachtach Phlean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh.

Ag tógáil ar na comhairliúcháin sin, ar an gcomhdhearcadh institiúideach atá ann cheana agus ar théacsanna (lena n-áirítear ón bParlaimint féin) agus ar thaighde ar na dea-chleachtais i réimse an gheilleagar shóisialta ó réigiúin éagsúla agus ó thíortha AE, tá trí chuspóir sa tuarascáil seo. Ar an gcéad dul síos, déanann sé iarracht ar thimpeallacht chumasúcháin a chruthú don gheilleagar sóisialta. Ar an dara dul síos, déantar iniúchadh ann ar conas leas níos fearr a bhaint as acmhainneacht iomlán an gheilleagair shóisialta, agus, ar an tríú dul síos, tugann sé aghaidh ar an bpríomhcheist: conas is féidir an Plean Gníomhaíochta a chur chun feidhme go héifeachtach? Trí dhul i ngleic leis na pointí sin, tá súil ag an Rapóirtéir go gcuidíonn obair Pharlaimint na hEorpa sa tuarascáil seo leis an ngeilleagar sóisialta a bheith faoi bhláth sna deich mbliana amach romhainn.